# Nuachtlitir Phobal Rua

*Nollaig 2024*


An Crompán,
An Cheathrú Rua,
H91X4WH

pobalrua@gmail.com
087-2563317





**Seaimpíní Craobh Chonnachta !**




***Bádóirí Óga a ghlac páirt i ngeall dingí na scoile ag Féile an tSrutháin***









# Pobal Rua ..*Tograí*

## Comhrá Teaghlaigh

Seo grúpa tuismitheoirí a thagann le chéile maidin Dé Máirt le foghlaim agus le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Tá ag éirí go maith leis an ngrúpa agus tá suim acu leanacht ar aghaidh leis an gcúrsa




## Togra Logainmneacha


Daltaí bunscoile Scoil Mhic Dara ag bailú eolais faoi logainmeacha sa gceantar

Fiosrú ainmneacha de Gharraithe/ Cnoic/ Locha/ Boithríní / Carraigeacha

*Le fáil go digiteach anois ar:*


**https://maphub.net/pobalrua/map**

**https://meitheal.logainm.ie/**



## Comharthaí Bóthair

Rinne muid iarratas ar Chomhairle Contae na Gaillimhe chun comharthaí bóthair le hainm na mbailte & QR cód orthu. Tá an ceadúnas tugtha agus súil go mbeidh siad dhá gcrochadh sa mbliain nua.




## Fiach Focal

Sraith seisiúin plé ar shaibhreas teanga faoi stiúir Mháire Feiritéar & Mháire Ní Chualáin—dhá eagrú ag Coiste Cultúr & Oidhreachta na Ceathrún Rua i gcomhar le Pobal Rua



## Féile Rua—Dáta NUA!! *13—16ú Feabhra 2025*

Tá clár leathan á leagan amach a chlúdaíonn Drámaíocht, Seoladh Leabhair, Taispeántas Cniotála, Siúlóid Ealaíontóra, Ceolchoirm sa Séipéal, Fiach Focal, Siompóisiam, Ceolchoirm Ceol Tíre, Comóradh Cath na Ceathrún Rua, Ceiliúradh na nÓg, Damhsa ar an Sean Nós agus amhráin. Tá tacaíocht faighte ó Ealaín na Gaeltachta & Foras na Gaeilge

Féile Rua

## Scéim Neartú

D'éirigh linn san iarratas ar mhaoiniú €15,000 a fháil don dá bhun-scoil - Scoil Mhic Dara & Scoil Mhuire faoin scéim Neartú ó Ealaín na Gaeltachta. Seo scéim tacaíochta do chláir leanúnacha don óige trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht sna hEalaíona Dúchasacha agus/nó sa Drámaíocht/ Amharclannaíocht

**SCÉIM NEARTÚ**

**Tacaíocht do chláir leanúnacha don óige trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht sna hEalaíona Dúchasacha agus/nó sa Drámaíocht/Amharclannaíocht**

## Ceardlann Cniotála



Tá an grúpa mná a thagann le chéile chuile Dé Máirt sa gCrompán tar éis a gceird a roinnt leis na daltaí óga i Scoil Mhic Dara. Ta súil cur leis seo sa mbliain nua agus é a leathnú chuig na scoileanna eile sa LPT. Mar chuid don obair a rinne siad tá seol mór ar mhúnla lógó Scoil Mhic Dara réitithe le crochadh mar pháirt de Fhéile Rua. Thug pobal na háite cúnamh leis na cearnóga a chniotáil freisin.

## Mír Físeáin




8 bhfíseán de phobal na Ceathrún Rua ag tabhairt léargas agus ag déanamh cur síos ar an gceantar. Pobal muiníneach nua-aimseartha Gaeltachta, áit a bhfuil daoine fuinnúla buanseasamhacha idir shean agus óg

*Oileán I.T i mbun an togra*

## Podchraoladh Scoil Chuimsitheach Chiaráin




Tús á chur leis an togra Podchraoladh le scoláirí SCC faoi stiúir Chiaráin Uí Fhátharta - tús mhí na Nollag

## Cuairt Alba Nuadh—Nova Scotia




Tá Údarás na Gaeltachta, An Roinn Pobail agus Cultúir Nova Scotia, Comharchumann Mhic Dara, Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil NSCAD agus Ionad Cuimhneachán na nImirceach ag obair ar thogra le tamall a thabharfaidh deis do chainteoirí Gaeilge agus Gaidhlige as Nova Scotia tréimhse a chaitheamh sa nGaeltacht, agus go mbeidh daoine ón nGaeltacht in ann tréimhse a chaitheamh in Nova Scotia amach anseo.

## Blas na Nollag



D'éirigh an-mhaith le Blas na Nollag arís i mbliana.
Mar chuid den ócáid bhí:
Comhlachtaí áitiúla - *Taispeántas d'earraí atá ar fáil ó chomhlachtaí sa gceantar*
*Taispeántas d'earraí á ndíol*
*Bhí blaisiní dinnéir & milseoga na Nollag á réiteach i siopa Eurospar*
*Thug santaí cuairt*
An Crann Nollag– *Lasadh na soilse ar an gcrann Nollag taobh amuigh den Acadamh & soilse ar an mbaile*
Ceol - *Meascán de cheol traidisúnta & cór na scoile páirteach san ócáid*

# *Plean Gníomh An Cheathrú Rua*



## Plean 'Lár Bailte ar dtús' don Cheathrú Rua

D'fhógair Comhairle Contae na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta tionscnamh ceannródaíoch nua don Cheathrú Rua - Plean 'Lár Bailte ar dTús' (TCF) - a chuirfear tús leis in 2025

## G-Teic An Cheathrú Rua




Tá gteic ag feidhmiú go láidir agus is dea scéala go bhfuil cead pleanála anois ceadaithe d'fhorbairt céim a dó don gteic. Tá sé i gceist deich n-oifig chomh maith le seomra comhdhála a bheith sa bhforbairt.

## Cúrsaí Oidhreachta



Le bliain anuas tá muid ag obair le Fáilte Éireann le Léarscáil Digiteach den cheantar a ullmhú.
Pointe eolais thimpeall an cheantair a bheidh ar an Léarscáil chomh maith le cód QR.

## Bealaí Siúlóide

Tá muid ag obair ar shiúlóidí le cósta a fhorbairt ón gCaorán Mór chomh fada le gob na Ronna.

## Féilte




D'eirigh go maith le féilte na bliana agus muid ag tabhairt tacaíochta agus ag déanamh forbairt orthu gach bliain. Paráid lá Fhéile Pádraig, Féile Cheoil na Ceathrún Rua, Féile an tSrutháin.

## Suíomh Idirlín

Tá uasghrádú déanta ar shuíomh idirlín anceathrurua.ie agus gach eolas faoin gceantar le fáil anseo. Is obair leanúnach atá i gceist ag uasdátú an tsuímh.

# *Comharchumann Mhic Dara*



## Athfhorbairt ar an gClós Spraoi

Rinne an Comharchumann athchóiriú ar an gclós spraoi i mbliana ar luach €95,000. Bhí muid in ann é seo a dhéanamh le cúnamh deontais ón Roinn agus ón gComharchumann a chlúdaigh an luach pobail. Chomh maith leis sin , fuair muid síntiús ón gclub rothaíochta, luach €1,200 a chuidigh leis an spás ata leagtha amach don Bhalla agus cathaoir Féiliceán. Tá súil againn an pháirc spraoi a oscailt go hoifigiúil arís san Earrach 2025. Bhí an costas deiridh ag €95,000



## Páirc uile-aimsire Astro

Tá Comharchumann Mhic Dara ag obair i gcomhpháirtíocht le Coiste na Páirce chun athchóiriú iomlán a dhéanamh ar an bpáirc uile-aimsire. Tá an maoiniú ag teacht ó Chomharchumann Mhic Dara tríd an *gCiste Aitheantais Pobail 2023 – 2024* agus ar dheontas faoi scéim na bhfeirmeacha gaoithe chomh maith le deontas ó Chomhar Creidmheasa Cholmcille. Thug CCMD tacaíocht maoiniú don phlean gnó a bhí ag teastáil mar pháirt den iarratas.



## Deontais Ciste Infheistíochta Ionad Pobail

Tá go leor oibre déanta ag Comharchumann Mhic Dara ar an ábhar an-tábhachtach seo maidir le fuinneamh glas. I mbliana tá 120,000kWh eile de PV gréine curtha ar an díon agus dromchla díon nua tríd Ciste Infheistíochta na Lárionad Pobail. Tugann sé seo suas le 240,000kWh de PV Gréine dúinn againn agus soláthar neamhtheoranta uisce te. Is foirgneamh 0 Carbóin san iomlán é an Crompán




## Comórtas Gradaim na Gaeltachta Údarás na Gaeltachta & Glór na nGael


Seo comórtas nua a thosaigh Údarás na Gaeltachta anuraidh. Bronnadh dhá ghradam orainn sa gcéad áit maidir le fuinneamh glas agus an dara háit don diaspóra



## Soilse na Nollag sa tsráidbhaile

Arís i mbliana tá infheistíocht déanta ag an gComharchumann i soilse na Nollag. Agus tá súil againn arís an bhliain seo chugainn cur leis an méid atá ann anois. Chomh maith leis sin ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Acadamh & Pizza Max as an gcumhacht chun é seo a bhaint amach.

# <u>CLG & Peil na mBan an Cheathrú Rua</u>




*Bua Sóisear*

Bhí an-séasúr peile ag peileadóirí fir agus mná óga na Ceathrún Rua i 2024 agus cá bhfios dúinn nach bhfuil críoch go fóill leis agus fir sóisear an chumainn ag imirt i gcluiche leathcheannais sóisear na hÉireann ag tús 2025. Ar an lá sin, tabharfaidh siad aghaidh ar sheaimpíní Chúige Laighean, Béal Átha na gCarr ó Uíbh Fhailí. Tá amhrán cáiliúil ag na Saw Doctors "To win just once" ach caithfidh siad véarsa nó dhó a chur leis an amhrán mar sin go bhfuil ocht gcinn de chomórtais buaite ag an gCeathrú Rua i 2024.



*Bua faoi 19*

D'éirigh leis na mionúir craobh B an chontae a bhuachaint i gcoinne Mainistir Muine Mheá i Staid an Phiarsaigh den chéad uair ó 1992 agus an tríú uair i stair an chumainn. Bhuaigh muid mionúr A an chontae sa bhliain 2000. Roimhe, bhuaigh na fir óga seo Craobh an Iarthair in aghaidh Naomh Séamus agus Comórtas Peile na Gaeltachta faoi 17 in aghaidh Mhaigh Cuillinn. Tá an-mhianach agus an-mheon san fhoireann agus gan dabht, beidh muid ag súil lena bhforbairt leis an gcumann sna blianta amach romhainn. Bhí bliain mhaith ag an bhfoireann faoi 19 freisin agus iad ag tabhairt leo corn na sraithe tar éis an ceann is fearr a fháil ar Naomh Mícheál.

Le linn an tséasúir chomh maith, d'éirigh le cailíní faoi 16 Roinn a 5 i gCraobh an Chontae a bhuachaint i gcoinne Mhaigh Cuillinn ar Pháirc an Chathánaigh ag tús mhí Dheireadh Fómhair. Bhí an-séasúr ag foireann sóisear mná an chumainn. Shroich siad dhá chluiche ceannais. Faraor, níor éirigh leo ach tiocfaidh a lá de bharr gur foireann óg iad le meon iontach oibre.



*Craoibh an Chontae mionúr faoi 17*

An t-am seo an bhliain seo caite, dícháilíodh foireann na bhfear ó idirmheánach go sóisear. Déanadh roinnt mhaith dianmhachnamh le linn an gheimhridh agus an tuiscint i measc na bpeileadóirí go raibh an cumas iontu imirt ag leibhéal níos airde. Dá bhrí sin, dhírigh siad isteach ar an obair le díograis. Bhí séasúr fada acu agus gan é críochnaithe go fóill. D'éirigh leo an ceann is fearr a fháil ar na comharsan, Carna Caiseal i gcluiche Ceannais Sóisear an Iarthar agus ansin tar éis am breise, fuaireadar an ceann is fearr ar Chill Fhir Iarainn i gcluiche Ceannais Sóisear an Chontae. Baineadh amach príomhsprioc an tséasúir nuair a bhuaigh siad in aghaidh Bhóthar na Trá sa cluiche ardú céime. Le gairid, bhuaigh siad Craobh Sóisear Chonnachta den chéad uair ag fáil an lámh in uachtar ar Bhaile an Móta. Leanann an turas ar aghaidh i ndiaidh na Nollag agus na fir óg seo ag súil le tacaíocht an pharóiste i gcluiche leathcheannais na hÉireann.



*Bua faoi 16 cailiní*

Le linn na bliana, cuireadh naoi bhfoireann déag chun páirce idir sean agus óg agus a míle dícheall déanta acu ar fad ar mhaithe lena bhforbairt pearsanta féin, ar mhaithe lena gcumann agus ar mhaithe lena bparóiste. Is beag lá le deich mí anuas nach raibh cluiche nó traenáil ag an gcumann ar Pháirc an Chathánaigh nó ar an bpáirc uile-aimsire a mbuíochas sin do na traenálaithe agus na hoibrithe deonacha ar fad a chur isteach an obair le linn na bliana. Bhí roinnt ócáidí pobail ag an gcumann chomh maith a thug muintir na háite le chéile ar an gCeathrú Rua agus ar ndóigh i mBostún le linn aimsir na Cásca. Bliain é 2024 nach ndéanfar dearmad air ach táimid ag súil le tógáil ar an dea-obair i 2025. Níl an athbheochan ach ina thús.

**Cumann Sacar Mhic Dara** - Tá foirne an chumainn thar a bheith gnóthach le roinnt míosa agus muid ag súil le scíth le linn na Nollag. Bhí séasúr den scoth againn anuraidh le chúig chorn ag teacht an taobh seo tíre agus tá ag éirí thar barr arís le foirne i mbliana. Tá na leaids faoi 13 agus faoi 16 ar bharr na sraithe. Tá 10 bhfoireann faoi aois ag dul chun páirce faoi láthair san aoisghrúpa ó faoi 8 suas go dtí faoi 17. Údar bróid agus mórtas dúinn é freisin don chéad uair riamh go bhfuil foireann cailíní againn sa gclub. Tá ag éirí thar cionn leo, gan aon chluiche caillte go dtí seo ! Tar éis tús dúshlánach ag an bhfoireann Sinsir tá feabhas iontach tagtha ar thorthaí le roinnt cluichí agus iad ag déanamh a mbealach suas ar an tábla. Tá súil againn a bheith ar ais ag imirt cluichí ar Pháirc Astro na Ceathrún Rua ag tús mhí Eanáir. Tá dromchla nua dhá chur uirthi agus beidh sí ar cheann de na páirceanna is breátha sa gCúige. Gaisce mhór agus ard mholadh ag dul do choiste na páirce & Comharchumann Mhic Dara. Ar deireadh tá muid an-ghnóthach ag díol ticéid don tarraingt bliantúil 50/50. Má fheiceann sibh thart muid ag díol bígí flaithiúil!!



*Foireann Cailíní faoi 12 - CS Macdara*



*Foireann faoi 14 - CS Macdara*

**Coiste na Páirce** - Tá mórobair athchóirithe tosaithe ar an bpáirc uile-aimsire agus dromchla nua as an bpíosa ar chostas €186,000 a chur uirthi i láthair na huaire. Ní bheidh sé i bhfad go mbeidh sí ar ais ar bharr chaighdeán arís do phobal na háite. Tá an obair seo á déanamh le tacaíocht ó Chomharchumann Mhic Dara, Comhairle Contae na Gaillimhe, Galway Wind Farms agus Comhar Creidmheasa Cholmcille. Seo é an dara céim athchóirithe ar an bpáirc seo tar éis do Choiste Pháirc an Chathánaigh tacaíocht ó Leader a fháil chun sconsa nua a thógáil timpeall na páirce. Déanfadh é sin ag tús an t-samhraidh. Tá muid fíorbhuíoch do Chomharchumann Mhic Dara as ucht a dtacaíocht le iarratais agus comhairle go ginearálta sna tionscadail seo. Coinneofar sibh ar an eolas agus an obair ag dul ar aghaidh maidir leis an gcéim áirithe seo.




*Ceiliúradh bua Corn Chonamara 2023.*

**An Ghaeltacht Rugbaí** - Tá Cumann Rugbaí na Gaeltachta ag ceiliúradh fiche bliain ar an bhfód i mbliana. Is é Cian de Buitléir, a bhunaigh an Cumann in 2004, le cúnamh ó fhear áitiúil eile, Micheál Mhaidhcó Ó Domhnaill. Ní bréag ceannródaithe a thabhairt orthu. Bhí go leor deacrachtaí le sáru ach le tacaíocht ó mhuintir na háite chuir siad an Cumann ar a gcosa agus tá sé ag dul ó neart go neart chuile bhliain. Thar na mblianta d'fhreastail na céadta buachaillí agus cailíní ar an gCumann, a bhformhór ó cheantar Chonamara Theas agus Árainn. Sé an sméar mulaigh go bhfuil geansaithe Chonnachta agus geansaíthe na hÉireann caite ag cuid mhaith d'iar-imireoirí ón nGaeltacht. Bíonn treanáil ar bun chuile Shatharn ar an bpáirc ar chúl Scoil Chuimsitheach Chiaráin agus tá an Cumann fíor bhuíoch don Scoil as ucht áiseanna na scoile a chur ar fáil. Bíonn fáilte i gcónaí roimh imreoirí nua gur spéis leo triail a bhaint as an rugbaí - níl ann ach bualadh síos. Beidh roinnt imeachtaí ar siúl ar feadh na bliana chun ceiliúradh a dhéanamh ar an fiche bliain atá bainte amach. Ina measc, beidh foireann daoine fásta ag dul chun páirce den chéad uair agus beidh oíche mhór shóisialta dá eagrú sa gCrompán sa mbliain nua.



*An Chéad fhoireann do chuid An Ghaeltacht Rugbaí 2004*

**Féile an tSrutháin** - Is féile áitiúil seoltóireachta í Féile an tSrutháin atá ag dul ó neart go neart chuile bhliain. Tá an fhéile eagraithe ag muintir an cheantair. Bíonn lear mór imeachtaí ar siúl le linn na Féile a mhaireann ceithre lá. I measc na n-imeachtaí sin, bíonn geallta bád, rásaí currach agus dingí, comórtais iascaireachta agus cluichí do ghasúir.










## ***Liosta do na heagraíochtaí & clubanna a thug Pobal Rua tacaíocht dóibh***

*Samhain 2023 - 2024*

**Céiliúradh ar Oireachtas na Ceathrún Ruaidh 2023** *(mór thogra)*
**Sraith Míreanna Físe** *(mór thogra)*
**Féile Rua** *(mór thogra)*
**Féile Lá Pádraig**
**Féile Ceoil na Ceathrún Rua** le Plean Gníomhaíochta na Ceathrún Rua
**Féile an tSrutháin**
**Scoil Chuimsitheach Chiaráin** - Craoladh Raidió/Cúrsa Oiliúna Scileanna Raidió/Comórtas Podchraolta
**Scoil Chuimsitheach Chiaráin -** Turas don Rang Uathachais go Leitir Mealláin
**Scoil Mhic Dara** – Leabhar Rang 6
**Scoil Mhic Dara -** Togra logainmeacha le Rang 6
**Scoil Mhuire an Tuairín –** Dráma, Féile Scoldrámaíochta
**Scéim Neartú**
**CLG & Peil na mban An Cheathrú Rua -** Geansaithe Peil na mban
**CLG & Peil na mban An Cheathrú Rua -** Tuar Mhic Eadaigh - CLG An Cheathrú Rua
**Cuideachta -** Comh-thogra le TnaG, - Seisiún Amhránaíochta & Ceoil
**Comhrá Teaghlaigh -** Comh-thogra le Tuismitheoirí na Gaeltachta -Seo grúpa tuismitheoirí atá ag foghlaim agus ag cur feabhais ar a gcuid Gaeilge.
**Ranganna Gaeilge -** Sraith ranganna a chur ar bun do ghlanthosaitheoirí, do thosaitheoirí, do fhoghlaimeoirí idirmheánacha, do fheabhsaitheoirí, do mhuintir na hÚcráine & ar líne
**Fiach Focal**
**Flying Fifteens Chonamara –** Craobh an Iarthair 2024
**Páirc Spraoi -** comharthaí
**Lucht Gnó -** Comharthaí athraithe go Gaeilge
**Comharthaí bóithre -** iarratas ar cheadúnas do chomharthaí bóthre
**Campa Samhraidh Uathachais An Cheathrú Rua**
**Nova Scotia**
**Blas na Nollag**
**Blathanna Uí Mhistéil**